



---

*An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh*

---

**2021/0201(COD)**

23.3.2022

## TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuir an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil úsáide talún, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (COM(2021)0554 – C9-0320/2021 – 2021/0201(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Henna Virkkunen

PA\_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Is é príomhchuspóir bheartas aeráide an Aontais Eorpaigh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus an Eoraip a bheith ar an gcéad ilchríoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Tá ról tábhachtach ach teoranta ag linnte agus aistrithe arna gcur ar fáil ag earnáil LULUCF chun an sprioc sin a bhaint amach. Is é cuspóir an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh ‘Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF)’ feabhas a chur ar na rialacha maidir leis an gcaoi a rannchuidíonn earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, mar aon le hastaíochtaí talmhaíochta gás ceaptha teasa nach astaíochtaí CO<sub>2</sub> iad, le creat beartais aeráide an Aontais.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún agus creideann sí go simpleoidh an t-aistriú ó na leibhéal tagartha go dtí astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa na próisis chuntasaíochta agus go mbeidh trédhearcacht agus infhaighteacht sonraí níos fearr mar thoradh air. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh tuilleadh chun modheolaíochtaí a fheabhsú chun sreafaí carbóin a thomhas, lena n-áirítear éifeachtaí ionadaíochta a ríomh. Ba cheart feabhsuithe ar na modheolaíochtaí a léiriú sa mheasúnú ar chomhlíonadh na spriocanna. Go háirithe maidir le hastaíochtaí talmhaíochta, tá gá le níos mó infheistíochtaí taighde chun na cleachtais talmhaíochta is inbhuanaithe agus na bealaí is costéifeachtaí chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí agus aistrithe ón earnáil a shainiú. Ar an iomlán, chun cur chun feidhme cuí rialacha LULUCF a áirithiú agus chun ualach rialála nach bhfuil gá leis a sheachaint, ba cheart go bhfanadh raon feidhme an Rialacháin mar chreat cuntasaíochta d’astaíochtaí agus d’aistrithe carbóin.

Tugann an Rapóirtéir dá haire go gcuireann earnáil na húsáide talún agus na foraoiseachta le beartais aeráide ar bhealach ar leith a bhfuil dhá chur chuige leis – trí linnte carbóin agus mar fhoinse d’amhábhair agus táirgí in-athnuaite. Tá ról ríthábhachtach ag an saineolas agus ag na féidearthachtaí nuálacha a chuireann tionscal na foraoiseachta ar fáil chun ionadú a dhéanamh ar bhreoslaí iontaise agus san aistriú i dtreo bithghéilleagair chiorclaigh. Ba cheart go n-aithneofaí é sin le creat LULUCF agus go gcuirfí san áireamh go hiomlán ann na tairbhí a bhaineann le hionadú don aeráid agus don chomhshaol.

Agus linnte carbóin á neartú, ba cheart ag an am céanna go n-aithneofaí sa Rialachán an ról atá ag táirgeadh bithfhuinnimh inbhuanaithe maidir le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise. Is ionann bithfhuinneamh agus thart ar 60 faoin gcéad de tháirgeadh iomlán an fhuinnimh in-athnuaite san Aontas Eorpach (Eurostat 2020). Ós rud é go mbraitheann táirgeadh bithfhuinnimh inbhuanaithe go príomha ar iarmhair agus ar tháirgeadh dramhaíola ó ghníomhaíochtaí eile foraoiseachta, d’fhéadfadh spriocanna móra LULUCF nach bhfuil gá leo cur isteach go mór ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite san Eoraip. Thairis sin, d’fhéadfadh spriocanna laistigh den Aontas Eorpach atá róchomhréireach cur leis an mbrú ar úsáid foraoisí lasmuigh den Eoraip agus le sceitheadh carbóin.

De réir an Rapóirtéara, ar an iomlán tá sé ríthábhachtach aitheantas a thabhairt do na tairbhí a bhaineann le bainistiú gníomhach foraoise don mhaolú aeráide agus don oiriúnú aeráide araon. Ba cheart do chreat cuntasaíochta LULUCF na Ballstáit a spreagadh chun bearta gníomhacha agus nuálacha a shaothrú chun a linnte carbóin agus a n-aistrithe carbóin a mhéadú san fhadtéarma.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Comhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ('Comhaontú Pháras'). **D'aontaigh na Páirtithe ann** an méadú ar an meánteocht dhomhanda a **choinneáil** go mór faoi **bhun** 2° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus **iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.**

Leasú 2

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(1) Comhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ('Comhaontú Pháras'). **Trí Chomhaontú Aeráide Ghlaschú a ghlacadh, d'aithin a bPáirtithe, dá ndéanfaí** an méadú ar an meánteocht dhomhanda a **theorannú** go mór faoi 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch **agus dá leanfaí** d'iarrachtaí a dhéanamh teorainn **a chur leis an méadú teochta ag 1.5 °C** os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, **go laghdófaí go mór rioscaí agus tionchar an athraithe aeráide, agus gheall siad a gcuid spriocanna 2030 a neartú faoi dheireadh na bliana 2022 chun an bhearna uaillmhéine a dhúnadh.**

*Leasú*

**(1a) Le Comhaontú Aeráide Ghlaschú, a shínigh 197 dtír i mí na Samhna 2021, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé an dúlra agus na héiceachórais a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú chun sprioc Chomhaontú Pháras a bhaint amach maidir leis an méadú ar an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C, lena n-**

*áirítear trí fhoraoisí agus trí éiceachórais eile talún agus mhuirí a fheidhmíonn mar linnte agus mar thaiscumair gás ceaptha teasa agus tríd an mbithéagsúlacht a chosaint, agus coimircí sóisialta agus comhshaoil á n-áirithiú ag an am céanna. Le Dearbhú Ghlaschú na gCeannairí maidir le Foraoisí agus Úsáid Talún, a síníodh i mí na Samhna 2021, gheall 141 thír go n-oibreoidís i gcomhar le chéile chun stop a chur le cailliúint foraoise agus le díghrádú talún agus iad a aisiompú faoi 2030, agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus claochlú cuimsitheach tuaithe a chur chun cinn ag an am céanna.*

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) I Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>30</sup> *rinne an tAontas an* sprioc maidir le *haeráidneodracht* ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 *a chumhdach* sa reachtaíocht. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanais ceangailteach de chuid an Aontais laghdú 55 % ar a laghad faoi bhun na leibhéal a bhí ann in 1990 ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) a bhaint amach faoi 2030. Beifear ag súil go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar le gnóthú na sprice sin, *lena n-áirítear earnáil na húsáide talún*, an *athraithe ar úsáid talún* agus na *foraoiseachta*. *Beidh* rannchuidiú na *nglanaistrithe* le sprioc aeráide 2030 an Aontais teoranta do *225 mhilliún tona* de choibhéis CO<sub>2</sub>. I gcomhthéacs Rialachán (AE) 2021/1119, d'athdhearbhaigh an Coimisiún i ráiteas comhfhreagrach an rún atá aige leasú ar Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

*Leasú*

(4) I Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>30</sup>, an sprioc maidir le *cothromaíocht a bhaint amach* ar fud an gheilleagair, *rud a chiallaíonn cothromaíocht idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas a bhaint amach faoi 2050, tá an sprioc sin cumhdaithe* sa reachtaíocht *ag an Aontas*. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanais ceangailteach de chuid an Aontais laghdú 55 % ar a laghad faoi bhun na leibhéal a bhí ann in 1990 ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) a bhaint amach faoi 2030. Beifear ag súil go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar le gnóthú na sprice sin, *agus tabharfar an tús áite is mó d'astaíochtaí iontaise a laghdú. Agus an sprioc aeráide 2030 an Aontais á cur chun feidhme, thug institiúidí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit gealltanais do thús áite a*

gComhairle<sup>31</sup> a mholadh, i gcomhréir leis an uailmhian glanaistrithe carbóin a mhéadú chuig leibhéal os cionn 300 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> ar earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta faoi 2030.

*thabhairt do lagduithe tapa ach de réir a chéile agus intuartha a dhéanamh ar astaíochtaí agus, ag an am céanna, cuirfidh feabhas a chur ar aistrithe trí linnte nádúrtha. Ba cheart don bhunuaillmhian sin prionsabal na coimhdeachta a urramú agus cothromaíocht a aimsiú idir an inniúlacht náisiúnta maidir le foraoiseacht agus spriocanna uileghabhálacha an Aontais maidir le glanhlacadh méadaithe gás ceaptha teasa agus beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol faoi Airteagal 191 agus Airteagal 192 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ina theannta sin, ba cheart bearta a dhíriú go príomha ar earnálacha inarb éifeachtúla na hiarrachtaí ó thaobh costais de, de réir mar a chinneadh gach Ballstát. Tá rannchuidiú na nglan-aistrithe le sprioc aeráide 2030 an Aontais teoranta do 225 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> gan dochar don chuspóir maidir le feabhas a chur ar linn charbóin ghlan an Aontais d'fhonn aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. I gcomhthéacs Rialachán (AE) 2021/1119, d'athdhearbhaigh an Coimisiún i ráiteas comhfhreagrach an rún atá aige leasú ar Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>31</sup> a mholadh, i gcomhréir leis an uailmhian glanaistrithe carbóin a mhéadú chuig leibhéal os cionn 300 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> ar earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta faoi 2030.*

---

<sup>30</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

<sup>31</sup> Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint

---

<sup>30</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).'

<sup>31</sup> Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint

na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

## Leasú 4

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(4a) Bíonn glan-ghlacadh suntasach dé-ocsaíde carbóin, chomh maith le luach eacnamaíoch, ioncaim onnmhairí, agus fostaíocht ar fud an Aontais de thairbhe fhoraoisí an Aontais. Ó thús na tréimhse tuairiscithe ó 1990 ar aghaidh, tá 400 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> ceaptha gach bliain laistigh den Aontas ag foraoisí an Aontais amháin. Tháinig laghdú, áfach, ar ghlanáistriú iomlána LULUCF an Aontais idir 2013 agus 2019. Is féidir foraoisí an Aontais a fhorbairt tuilleadh agus is féidir leo réimse leathan táirgí bithbhunaithe a chur ar fáil a théann in ionad táirgí iontaise-bhunaithe a rannchuidíonn le glanlaghdú ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin. Mar sin féin, is gníomhaíochtaí fadtéarmacha iad an fhoraoiseacht agus tionscal na foraoiseachta agus tá timthriallta infheistíochta a théann thar dheicheanna de bhlianta ag gabháil leo. Tá bainistiú ar fhoraoisí ag brath go mór ar thosca geografacha agus thairis sin tá baint aige le struchtúir thionsclaíocha, a bhíonn éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. D'fhéadfadh athruithe tobanna ar bheartais foraoiseachta nó ualach rialála méadaithe, bíodh siad ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, an bonn a bhaint de rannchuidiú na**

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) D'fhonn rannchuidiú leis an uailmhian mhéadaithe chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ó 40 % ar a laghad go dtí 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990, ba cheart spriocanna bliantúla ceangailteacha maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa a shocrú le haghaidh gach Ballstáit i dtaca le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta idir 2026 agus 2030 (de réir análaí na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>32</sup>), ar spriocanna iad óna dtiocfaidh sprioc 310 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> i nglanaistrithe don Aontas trí chéile in 2030. Leis an modheolaíocht a úsáidtear chun na spriocanna náisiúnta a bhunú do 2030 ba cheart a chur san áireamh na meánlíonta astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe ó na blianta 2016, 2017 agus 2018, arna dtuairisciú ag gach Ballstát; agus ba cheart a léiriú inti an fheidhmíocht mhaolaithe reatha maidir le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, agus sciar gach Ballstáit den achar talún bainistithe san Aontas, agus cumas an Bhallstáit sin á thabhairt san áireamh chun a fheidhmíocht a fheabhsú san earnáil trí mheán cleachtais bhainistíochta talún nó athruithe ar úsáid talún a théann chun tairbhe na haeráide agus na bithéagsúlachta.

*Leasú*

(5) D'fhonn ***a chur ar chumas earnáil na talamhúsáide, an athraithe ar thalamhúsáid agus na foraoiseachta*** rannchuidiú ***ar bhealach inbhuanaithe agus intuartha a dhéanamh le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais agus rannchuidiú*** leis an uailmhian mhéadaithe chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ó 40 % ar a laghad go dtí 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990, ba cheart spriocanna bliantúla ceangailteacha maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa a shocrú le haghaidh gach Ballstáit i dtaca le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta idir 2026 agus 2030 (de réir análaí na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>32</sup>), ar spriocanna iad óna dtiocfaidh sprioc 310 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub> i nglanaistrithe don Aontas trí chéile in 2030. Leis an modheolaíocht a úsáidtear chun na spriocanna náisiúnta a bhunú do 2030 ba cheart a chur san áireamh na meánlíonta astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe ó na blianta 2016, 2017 agus 2018, arna dtuairisciú ag gach Ballstát; agus ba cheart a léiriú inti an fheidhmíocht mhaolaithe reatha maidir le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, agus sciar gach Ballstáit den achar talún bainistithe san Aontas, agus cumas an Bhallstáit sin á thabhairt san áireamh chun a fheidhmíocht a fheabhsú san earnáil trí mheán cleachtais bhainistíochta talún nó athruithe ar úsáid talún a théann chun tairbhe na haeráide agus na bithéagsúlachta ***agus ba cheart***



*bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a neartú, agus urraim á tabhairt don bhithéagsúlacht agus d'athléimneacht an éiceachórais a fhágann gur féidir foraoisí a oiriúnú don athrú aeráide san fhadtéarma.*

---

<sup>32</sup> Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (*IO L 156, 19.6.2018, lch. 26*).

---

<sup>32</sup> Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (*IO L 156, 19.6.2018, lch. 26*).

## Leasú 6

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Ba cheart na spriocanna ceangailteacha bliantúla maidir le haistrithe gás ceaptha teasa a chinneadh le aghaidh gach Ballstáit de réir treocht líneach. Ba cheart tús a chur leis an treocht in 2022, maidir le meánlíon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairiscíonn an Ballstát sin le linn 2021, 2022 agus 2023, agus ba cheart deireadh a chur léi in 2030 ar an sprioc a bheidh leagtha amach don Bhallstát sin. Maidir leis na Ballstáit a chuireann feabhas ar a modheolaíocht um ríomh na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe, ba cheart coincheap an cheartúcháin theicniúil a thabhairt isteach. Ba cheart ceartúchán teicniúil a chur le sprioc an Bhallstáit sin a bheidh comhfhreagrach d'éifeacht an *athraithe* sa mhodheolaíocht ar na spriocanna, agus d'iarrachtaí an Bhallstáit lena ngnóthú, d'fhoill urraim a

*Leasú*

(6) Ba cheart na spriocanna ceangailteacha bliantúla maidir le haistrithe gás ceaptha teasa a chinneadh le aghaidh gach Ballstáit de réir treocht líneach. Ba cheart tús a chur leis an treocht in 2022, maidir le meánlíon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairiscíonn an Ballstát sin le linn 2021, 2022 agus 2023, agus ba cheart deireadh a chur léi in 2030 ar an sprioc a bheidh leagtha amach don Bhallstát sin. ***Ba cheart a chur san áireamh nach ionann úsáid talún ar mhórsála, athrú ar thalamhúsáid agus glacadh gás ceaptha teasa san fhoraoiseacht a bheith ann san am a chuaigh thart agus a ráthú go mbeidh ardacmhainneacht ann amach anseo, ós rud é go bhfuil céatadán méadaitheach d'fhoraoisí an Aontais ag teacht in aibíocht.*** Maidir leis na Ballstáit a chuireann feabhas ar a modheolaíocht um

léiriú don tsláine comhshaoil.

ríomh na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe, ba cheart coincheap an cheartúcháin teicniúil a thabhairt isteach, *faoi réir athbhreithniú eolaíoch neamhspleách*. Ba cheart ceartúchán teicniúil a chur le sprioc an Bhallstáit sin a bheidh comhfhreagrach d'éifeacht an *chruinnis fheabhsaithe* sa mhodheolaíocht ar na spriocanna, agus d'iarrachtaí an Bhallstáit lena ngnóthú, d'fhonn urraim a léiriú don tsláine comhshaoil.

## Leasú 7

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) Sa *Teachtaireacht an 17 Meán Fómhair 2020 maidir* le Dlús a chur le huailmhian 2030 na hEorpa maidir leis an aeráid<sup>33</sup> *leagadh amach rogha chun astaíochtaí* gás ceaptha teasa *ón talmhaíocht nach astaíochtaí CO<sub>2</sub> iad a chur le glanaistrithe na hearnála úsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, agus* earnáil talún *nua-rialáilte a chruthú dá réir. Is féidir sineirgí a chur chun cinn ó chumasc mar sin idir gníomhartha maolaithe talamh-bhunaithe agus is féidir ceapadh beartas agus cur chun feidhme beartas níos comhtháite a chumasú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart an oibleagáid do Bhallstáit pleananna maolaithe comhtháite a chur isteach i leith na hearnála talún a threisiú.*

---

<sup>33</sup> COM(2020)0562.

## Leasú 8

*Leasú*

(7) Sa *teachtaireachtaí ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2020 i ndáil* le Dlús a chur le huailmhian 2030 na hEorpa maidir leis an aeráid<sup>33</sup>, *cuireadh i bhfios go láidir go mbeidh gá le gníomhaíocht an Aontais i ngach earnáil den gheilleagar má táthar chun aeráidneodracht a bhaint amach. Níor cheart dul chun cinn a bheith déanta in earnáil amháin a bheith mar chúiteamh ar an easpa dul chun cinn in earnálacha eile. Ba cheart tacú leis na hearnálacha eile sin agus iad á dtiontú i dtreo gníomhaíochtaí atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Thairis sin, tá aistrithe gás ceaptha teasa trí linnte carbóin nádúrtha leochaileach agus d'fhéadfadh siad a bheith inchúlaithe, rud a fhágann go bhfuil níos mó éiginnteachta ann maidir le hastaíochtaí agus aistrithe a thomhas san earnáil talún i gcomparáid le hearnálacha eile.*

---

<sup>33</sup> COM(2020)0562.

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Tá *an cumas san* earnáil talún *chun bheith ina hearnáil atá aeráidneodrach go mear faoi 2035* ar bhealach costéifeachtach, agus níos mó aistriithe gás ceaptha teasa ná astaíochtaí a ghiniúint *ina dhiaidh sin. Le gealltanais comhchoiteann, arb é is aidhm dó aeráidneodracht in earnáil na talún a bhaint amach in 2035 ar leibhéal an Aontais, is féidir an chinnteacht pleanála is gá a sholáthar chun gníomh maolaithe talamh-bhunaithe a spreagadh* sa ghearrthéarma, *i bhfianaise go bhféadfadh blianta go leor a bheith i gceist le gníomh mar sin na torthaí maolaithe inmhianaithe a sholáthar. Thairis sin, meastar go mbeidh an earnáil talún ar an earnáil is mó i bpróifíl flosca gás ceaptha teasa an Aontais in 2050. Tá sé rithábhachtach dá réir go bhfréamhófaí an earnáil sin i dtreocht lenar féidir glanastaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha a bhaint amach go héifeachtach faoi 2050. Faoi lár 2024, ba cheart do na Ballstáit a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>34</sup>. Maidir leis na pleananna ba cheart a áireamh iontu bearta ábhartha lena rannchuidíonn gach Ballstát a dhícheall do sprioc chomhchoiteann na haeráidneodrachta in earnáil na talún ar leibhéal an Aontais Eorpaigh in 2035. Ar bhonn na bpleananna sin, ba cheart don Choimisiún spriocanna náisiúnta a mholadh, lena gcinnteofar go mbeidh cothromaíocht ar a laghad ann idir astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistriithe ar fud an Aontais in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, agus na*

*Leasú*

(8) Tá *sé d'acmhainneacht ag* earnáil *na talún aistriú i dtreo na haeráidneodrachta* ar bhealach costéifeachtach, *trí astaíochtaí a laghdú, linnte agus stoic charbóin a chothabháil agus a fheabhsú, breoslaí iontaise a ionadú de réir a chéile le fuinneamh in-athnuaite ó bhithmhais foraoise agus trí leas a bhaint as an acmhainneacht aistriithe atá ag ábhair orgánacha ó bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí. Tá an bithgheilleagar agus an bithfhuinneamh fíor-riachtanach chun geilleagar glas atá saor ó iontaise a bheith ann. Ina dhiaidh sin, ginfidh an earnáil níos mó aistriithe gás ceaptha teasa ná astaíochtaí a ghiniúint, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.*

*hastaióchtaí ó earnálacha talmhaíochta neamh-CO2 faoi 2035. I gcodarsnacht le sprioc na haeráidneodrachta ar leibhéal an Aontais le haghaidh earnáil na talún faoi 2035, beidh na spriocanna náisiúnta sin ceangailteach agus in-fhorfheidhmitheach ar gach Ballstát.*

---

<sup>34</sup> *Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch.1).*

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Dearadh na rialacha cuntasáíochta a leagtar amach in Airteagail 6, 7, 8 agus 10 de Rialachán (AE) 2018/841 lena fháil amach an méid a rannchuideodh feidhmíocht mhaolaithe in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta le sprioc 2030 an Aontais maidir le laghdú 40 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, sprioc nár áiríodh earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta léi. D'fhonn an creat rialála

*Leasú*

(9) Dearadh na rialacha cuntasáíochta a leagtar amach in Airteagail 6, 7, 8 agus 10 de Rialachán (AE) 2018/841 lena fháil amach an méid a rannchuideodh feidhmíocht mhaolaithe in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta le sprioc 2030 an Aontais maidir le laghdú 40 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, sprioc nár áiríodh earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta léi. D'fhonn an creat rialála

don earnáil sin a shimpliú, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha cuntaisíochta reatha tar éis 2025, agus ba cheart comhlíonadh spriocanna náisiúnta na mBallstát a fhíorú ar bhonn na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa atá tuairiscithe. Áirithítear leis sin comhsheasmhacht mhodheolaíoch le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>35</sup>, Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>36</sup>, agus cinneadh na sprice nua maidir le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa 55 % ar a laghad, lena n-áirítear freisin earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta).

---

<sup>35</sup> Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa leis an gComhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (*IO L 275, 25.10.2003, lch. 32*) *arna leasú le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).*

<sup>36</sup> Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú

don earnáil sin a shimpliú, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha cuntaisíochta reatha tar éis 2025, agus ba cheart comhlíonadh spriocanna náisiúnta na mBallstát a fhíorú ar bhonn na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa atá tuairiscithe. Áirithítear leis sin comhsheasmhacht mhodheolaíoch le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>35</sup>, Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>36</sup>, agus cinneadh na sprice nua maidir le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa 55 % ar a laghad, lena n-áirítear freisin earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta). ***Chun rialáil níos fearr agus timpeallacht oibriúcháin intuartha a áirithiú don tionscal, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha cuntaisíochta ach amháin maidir le cuntaisíocht gás ceaptha teasa d'earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta.***

---

<sup>35</sup> Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa leis an gComhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (*IO L 275, 25.10.2003, lch. 32*) *arna leasú le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).*

<sup>36</sup> Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú

ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (*IO L 156, 19.6.2018, lch. 26*).

ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (*IO L 156, 19.6.2018, lch. 26*).

## Leasú 10

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Chun na haistrithe gás ceaptha teasa a fheabhsú, beidh ***dreasacht dhíreach*** de dhíth ar fheirmeoirí ***nó bainisteoirí*** foraoise aonair chun níos mó carbóin a stóráil ar a dtalamh ***agus*** ina bhforaoisí. Is ***gá níos mó*** samhlacha gnó nua, atá bunaithe ar dhreasachtaí don fheirmeoireacht carbóin agus ar dheimhniúchán d'aistrithe carbóin, a imscaradh sa tréimhse go dtí 2030. ***Is*** leis na dreasachtaí agus na samhlacha gnó sin ***a chuirfear*** feabhas ar an maolú aeráide ***sa bhithgheilleagar***, lena n-áirítear trí ***leas a bhaint as*** táirgí marthanacha adhmaid lománaithe, agus lánurraim á léiriú do phrionsabail éiceolaíocha lena gcothaítear an bhithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach. ***Is amhlaidh dá réir ba cheart catagóirí nua táirgí stórála carbóin a thabhairt isteach sa bhreis*** ar na ***táirgí adhmaid lománaithe***. ***Na samhlacha gnó, na cleachtais feirmeoireachta agus bainistíochta talún atá ag teacht chun cinn chun feabhas a chur ar aistrithe; rannchuidíonn siad le forbairt chríochach agus fás eacnamaíoch cothrom sna ceantair thuaithe. Cruthaíonn siad deiseanna freisin do phoist nua, agus soláthraíonn siad dreasachtaí don oiliúint, don athoilúint agus don uasoiliúint ábhartha.***

*Leasú*

(10) Chun na haistrithe gás ceaptha teasa a fheabhsú, beidh ***dreasachtaí díreacha agus úinéirí*** foraoise aonair chun níos mó carbóin a stóráil ar a dtalamh, ina bhforaoisí ***agus i dtáirgí stórála carbóin***. ***Ba cheart úinéirí foraoise a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe maidir le bainistiú ar fhoraoisí a chur chun feidhme agus ag an am céanna ba cheart cosaint na bithéagsúlachta agus tairbhí don tsochaí a áirithiú. Le cistiú poiblí faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus faoi chláir eile de chuid an Aontais, is féidir leo tacú cheana le cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais i bhforaoisí agus i dtailte talmhaíochta agus ba cheart é a mhéadú. Chun ceapadh carbóin ina dtailte a mhéadú agus chun spriocanna foraoise agus laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a chumasú, tá damhnaí fáis atá oiriúnach don fheidhm agus a tháirgtear san Aontas de dhíth ar fheirmeoirí aonair agus d'úinéirí foraoise, damhnaí lena a dtacaítear le táirgeadh bia áitiúil agus slándáil bia. Mar atá leagtha amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe, ní mór samhlacha gnó nua atá bunaithe ar dhreasachtaí don fheirmeoireacht carbóin agus ar dheimhniúchán d'aistrithe carbóin, a imscaradh ***níos mó*** sa tréimhse go dtí 2030. Leis na dreasachtaí agus na***

samhlacha gnó sin, *cuirfear* feabhas ar an maolú aeráide *i mbithgheilleagar a bheidh go hiomlán ciorclach agus ina mbainfear leas as foinsí inbhuanaithe*, lena n-áirítear trí *tháirgeadh agus úsáid* táirgí marthanacha adhmaid lománaithe *agus trí amhábhair iontaise-bhunaithe a ionadú de réir a chéile*, agus lánurraim á léiriú do phrionsabail éiceolaíocha lena gcothaítear an bhithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach. *D'fhéadfaí an acmhainneacht sin a shrianadh, úfach, má éiríonn an rialáil ar earnáil na foraoiseachta iomarcach.*

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 10 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(10a) Rannchuidíonn ábhair agus táirgí bithbhunaithe in-athnuaite le bithgheilleagar ciorclach a bheith ann trí roghanna malartacha iontaise-bhunaithe agus roghanna malartacha eile ar mó a lorg comhshaoil a ionadú de réir a chéile i dtionscail éagsúla. Is féidir le bithgheilleagar an Aontais táirgeadh táirgí stórála carbóin a mhéadú, agus linnte carbóin á neartú agus sláinte foraoisí a feabhsú. Tá sé tábhachtach úsáid táirgí stórála carbóin a mhéadú, mar aon leis an úsáid táirgí atá dian ar astaíochtaí iontaise a laghdú, chun spriocanna an Chomhaontú Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Dá réir sin, ba cheart catagóirí nua de gach táirge stórála inbhuanaithe carbóin, bunaithe ar Threoirlínte IPCC, lena n-áirítear go háirithe réitigh nuálacha nua, a thabhairt isteach sa bhreis ar na táirgí adhmaid lománaithe chun bearta deonacha maidir leis an margadh carbóin i ndáil leis an earnáil talamhúsáide a chur chun cinn. Níor cheart go ndéanfadh saolré táirgí stórála carbóin dochar suntasach do*

*chuspóirí comhshaoil an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021<sup>d</sup>, ba cheart cuntas a thabhairt ar aistrihe carbóin ar bhealach trédhearcach agus trí chritéir amhail fad na stórála agus an riosca aisiompaithe a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit meastacháin a chur ar fáil freisin maidir leis an acmhainneacht mhaolaithe a bhaineann le hábhar atá dian ar astaíochtaí iontaise a ionadú le hadhmad.*

---

*<sup>1a</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe (COM(2021)0800 final).*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 10 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(10b) Le samhlacha gnó atá ag teacht chun cinn, le forbairt bhreise ar an mbithfhuinnimh lena ngabhann teicneolaíochtaí maidir le ceapadh agus stóráil nó úsáid carbóin (BECCSU), agus le cleachtais bainistíochta feirmeoireachta agus talún chun feabhas a chur ar aistrihe agus ar infheistíocht fhadtéarmach sa bhithgheilleagar, rannchuidítear le forbairt chothrom chríochach agus le fás eacnamaíoch i limistéir thuaithe ina mbíonn níos mó agus níos mó míbhuntáiste suímh os comhair FBManna agus gnólachtaí teaghlaigh de bharr bonneagar neamhleor agus easpa infheistíochta. Chun aistriú cothrom a bhaint amach, is gá earnáil na FBManna tionsclaíocha a choinneáil mar chobhsaitheoir sóisialta sna réimsí sin, deiseanna a chruthú do*



*phoist nua agus dreasachtaí a chur ar fáil d'oiliúint, d'athoiliúint agus d'uas-sciliú ábhartha. I gcomhréir leis an uailmhian mhéadaithe in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, ba cheart tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'fheirmeoirí aonair agus d'úinéirí foraoise chun cineálacha cur chuige atá bunaithe ar an éiceachóras agus cleachtais atá neamhdhíobhálach aon bhithéagsúlachta a chur chun feidhme ar a gcuid talún i gcomhréir le rialacha comhchoiteanna arna leagan síos ag an gCoimisiún. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann breathnú ar úsáid a bhaint as ioncam a ghintear ó lamháltais Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí a dhíol ar ceant chun na críche sin.*

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 10 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(10c) De bhrí, go bhfuil sé d'acmhainneacht ag bainistiú gníomhach inbhuanaithe ar fhoraoisí ceapadh carbóin a fheabhsú agus cur i gcoinne aosú foraoisí agus tubaistí nádúrtha, atá ar na toscas a ag cur le laghdú na n-aistrithe carbóin san earnáil talún le blianta beaga anuas, ba cheart go spreagfaí cleachtais inbhuanaithe maidir le bainistiú ar fhoraoisí lena dtugtar urraim don bhithéagsúlacht agus d'athléimneacht an éiceachórais agus lena rannchuidítear leis an athrú aeráide a mhaolú agus leis an oiriúnú aeráide, mar a leagtar amach i straitéis Foraoise AE<sup>1a</sup>.*

---

*<sup>1b</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch*

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 10 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(10d) Tá sé d'acmhainneacht s ag an  
earnáil tógála táirgí foraoiseachta a úsáid  
i gcainníochtaí móra agus carbóin a  
stóráil go gceann mórán deiceanna de  
bhlianta. Dá bhrí sin, ba cheart bearta a  
dhéanamh chun adhmaid a spreagadh  
tuilleadh mar ábhar foirgníochta agus  
chun a áirithiú freisin go dtugtar cuntas  
ar ionsú na n-astaíochtaí in iarmhéid  
iomlán astaíochtaí an Bhallstáit i dtrácht.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(12) Trí scor de na rialacha cuntasáíochta atá ann faoi láthair tar éis 2025, cruthaítear gá le forálacha malartacha maidir le suaití nádúrtha amhail dóiteán, lotnaidí, agus stoirmeacha, chun aghaidh a thabhairt ar neamhchinnteachtaí a bhíonn ann de bharr próisis nádúrtha nó a eascraíonn ón athrú aeráide in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta. Ba cheart sásra solúbthachta atá nasctha le suaití nádúrtha a bheith ar fáil do na Ballstáit in 2032, ar choinníoll gur ídigh siad gach solúbthacht eile a bhí ar fáil dóibh, go raibh bearta iomchuí i bhfeidhm acu chun íogaireacht a gcuid talún do shuaití mar sin a laghdú, agus go bhfuil gnóthú na sprice 2030 ag an Aontas maidir le húsáid talún, athrú ar

(12) Trí scor de na rialacha cuntasáíochta atá ann faoi láthair tar éis 2025, cruthaítear gá le forálacha malartacha maidir le suaití nádúrtha amhail dóiteán, lotnaidí, agus stoirmeacha, chun aghaidh a thabhairt ar neamhchinnteachtaí a bhíonn ann de bharr próisis nádúrtha nó a eascraíonn ón athrú aeráide in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta. Ba cheart sásra solúbthachta atá nasctha le suaití nádúrtha a bheith ar fáil do na Ballstáit in 2032, ar choinníoll gur ídigh siad gach solúbthacht eile a bhí ar fáil dóibh, go raibh bearta iomchuí i bhfeidhm acu chun ***linnte carbóin nádúrtha a fheabhsú ar bhealach a rannchuidíonn le feabhsú na bithéagsúlachta agus chun*** íogaireacht a

úsáid talún agus foraoiseacht curtha i gcrích.

gcuid talún do shuaití mar sin a laghdú, agus go bhfuil gnóthú na sprice 2030 ag an Aontas maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht curtha i gcrích.

## Leasú 16

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Chun *coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha Rialachán (AE) 2018/841 a chur chun feidhme, ar dá réir a leagfar amach na leithdháiltí spriocanna bliantúla le haghaidh na mBallstát*, ba cheart *cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún*. Ba cheart na *cumhachtaí sin a fheidhmiú* i gcomhréir le *Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*<sup>37</sup>.

*Leasú*

(14) Chun *na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú*, ba cheart *an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i dtaca leis na sprioc-leithdháiltí bliantúla a leagan amach do na Ballstáit d'earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta chomh maith leis an modh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceartú teicniúil atá le cur le spriocanna na mBallstát i dtaca le rialáil talmhaíochta agus don athbhreithniú neamhspleách ó na saineolaithe, lena sonraítear comhrialacha agus modheolaíochtaí chun a áirithiú nach ndéanfaidh bearta arna nglacadh chun spriocanna náisiúnta na mBallstát a bhaint amach dochar suntasach do chuspóirí eile comhshaoil an Aontais*. Ba cheart *don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus ba cheart go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016*<sup>36a</sup>. *Chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don*

*Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.*

<sup>36a</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

<sup>37</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Leasú 17

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(16) De bharr an athraithe ar spriocanna atá bunaithe ar thuarisciú, ní mór leibhéal cruinne is airde a bheith leis an meastachán a dhéanfar ar na hastaíochtaí agus na haistrithe gás ceaptha teasa. Thairis sin, éileofar leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030<sup>38</sup>, an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don **chomhshaol**<sup>39</sup>, Straitéis Foraoiseachta an Aontais<sup>40</sup>, Treoir athbhreithnithe (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>41</sup> agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú **Aeráide**<sup>42</sup>,

*Leasú*

(16) De bharr an athraithe ar spriocanna atá bunaithe ar thuarisciú, ní mór leibhéal cruinne is airde a bheith leis an meastachán a dhéanfar ar na hastaíochtaí agus na haistrithe gás ceaptha teasa. Thairis sin, éileofar leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don **chomhshaol**, Straitéis Foraoiseachta an Aontais<sup>40</sup>, **Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe an Aontais**, **Straitéis Ithreach an Aontais**<sup>40a</sup>, Treoir athbhreithnithe (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>41</sup> agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a

éileofar faireachán feabhsaithe ar thalamh, rud a chuideoidh le hathléimneacht na n-aistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Is gá uasghrádú a dhéanamh ar an bhfaireachán agus an tuairisciú a dhéanfar ar astaíochtaí agus aistrithe, trí úsáid a bhaint as ardteicneolaíochtaí a bheidh ar fáil faoi chláir de chuid an Aontais, cláir amhail Copernicus, agus sonraí digiteacha a bhailítear faoin gComhbheartas Talmhaíochta, agus trasdul déach na nuálaíochta glaise agus digití á chur chun feidhme.

---

<sup>38</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 - An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (COM/2020/0380).

<sup>39</sup> COM(2020)0381.

<sup>40</sup> [...]

<sup>41</sup> Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na

chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú *Aeráide*, éileofar faireachán feabhsaithe ar thalamh, rud a chuideoidh le hathléimneacht na n-aistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Is gá uasghrádú a dhéanamh ar an bhfaireachán agus an tuairisciú *satailíte agus ar an láthair* a dhéanfar ar astaíochtaí agus aistrithe, *agus lánúsáid á baint as uirlisí atá ann cheana amhail suirbhé staidrimh LUCAS*, trí úsáid a bhaint as ardteicneolaíochtaí a bheidh ar fáil faoi chláir de chuid an Aontais, cláir amhail Copernicus, agus sonraí digiteacha a bhailítear faoin gComhbheartas Talmhaíochta, agus trasdul déach na nuálaíochta glaise agus digití á chur chun feidhme.

---

<sup>38</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 - An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (COM/2020/0380).

<sup>39</sup> COM(2020)0381.

<sup>40</sup> *Teachttaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Straitéis nua Foraoise 2030 AE (COM(2021)0572).*

<sup>40a</sup> *Teachttaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 - Straitéis Ithreach an Aontais do 2030 Leas a bhaint as ithreacha sláintiúla do dhaoine, do bhia, don dúlra agus don aeráid COM(2021)0699.*

<sup>41</sup> Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle an  
11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh  
ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn  
(IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

<sup>42</sup> COM(2021)0082.

hEorpa agus ón gComhairle an  
11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh  
ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn  
(IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

<sup>42</sup> COM(2021)0082.

## Leasú 18

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Beidh tionchar ag na hathruithe antrapaigineacha ionchasacha ar an timpeallacht mhuirí agus fionnuisce áfach, mar shampla, ag an síneadh atá beartaithe ar fhuinneamh eischósta, an méadú féideartha ar tháirgeadh do Bharshaothraithe agus na leibhéil mhéadaithe de chosaint an dúlra chun na spriocanna i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, beidh tionchar acu go léir ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar a gceapadh. Is amhlaidh faoi láthair nach n-áirítear na hastaíochtaí agus na haistrithe sin leis na táblaí tuairiscithe caighdeánacha chuig UNFCCC. I ndiaidh ghlacadh na modheolaíochta tuairiscithe, breithneoidh an Coimisiún an tuairisciú ar dhul chun cinn, féidearthacht na hanailíse agus an tionchar a bheidh leis an tuairisciú a leathnú chun an comhshaol mara agus fionnuisce a chumhdach, tuairisciú atá bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta is déanaí i leith na bhfloscaí sin, nuair a dhéantar an t-athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Rialachán seo.

## Leasú 19

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17 a (nua)

*Leasú*

(17) Beidh tionchar ag na hathruithe antrapaigineacha ionchasacha ar an timpeallacht mhuirí agus fionnuisce áfach, mar shampla, ag an síneadh atá beartaithe ar fhuinneamh eischósta, an méadú féideartha ar tháirgeadh do Bharshaothraithe agus na leibhéil mhéadaithe de chosaint an dúlra chun na spriocanna i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, beidh tionchar acu go léir ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar a gceapadh. Is amhlaidh faoi láthair nach n-áirítear na hastaíochtaí agus na haistrithe sin leis na táblaí tuairiscithe caighdeánacha chuig UNFCCC. I ndiaidh ghlacadh na modheolaíochta tuairiscithe, breithneoidh an Coimisiún an tuairisciú ar dhul chun cinn, féidearthacht na hanailíse agus an tionchar a bheidh leis an tuairisciú a leathnú chun an comhshaol mara, *cósta* agus fionnuisce a chumhdach, tuairisciú atá bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta is déanaí i leith na bhfloscaí sin, nuair a dhéantar an t-athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Rialachán seo.

**(17a) Ós rud é go nginfear costais bhreise chomhlíonta d'earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta de bharr na n-athruithe ar na rialacha cuntasáiochta, is gá bearta cúiteacha a dhéanamh chun cosc a chur le méadú ar leibhéal iomlán an ualaigh rialála. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tograí reachtacha a thíolacadh chun na hualaí rialála a thugtar isteach leis an Treoir seo a fhritháireamh, trí athbhreithniú nó aisghairm a dhéanamh ar fhorálacha i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais lena ngintear costais chomhlíonta san earnáil dá ndéantar difear.**

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe e**

**(e) gealltanais na mBallstát chun na bearta riachtanacha a ghlacadh leis an aidhm chun aeráidneodracht a ghnóthú go comhchoiteann san Aontas faoi 2035 in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta lena n-áirítear astaíochtaí ón talmhaíocht neamh-CO<sub>2</sub>;**

**scriosta**

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 2 – mír 3**

**3. Baineann an Rialachán seo freisin le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa atá liostaithe in Alt A d'Iarscríbhinn I, mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999 agus a tharlaíonn ar chríocha na mBallstát ó 2031 amach, in aon cheann de na catagóirí cuntasaíochta talún a liostaítear i mír 2, pointí (a) go (j) agus in aon cheann de na hearnálacha seo a leanas:**

*scriosta*

- (a) coipeadh eintreach;**
- (b) bainistíocht aoiligh;**
- (c) saothrú ríse;**
- (d) ithreacha talmhaíochta;**
- (e) loscadh machairí forordaithe;**
- (f) loscadh páirceanna d'fhuíoll talmhaíochta;**
- (g) aoladh;**
- (h) úsáid úiré;**
- (i) “leasacháin eile ina bhfuil carbón”;**
- (j) “eile”.**

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

**2a. Faoin 30 Meitheamh 2024, féadfaidh gach Ballstát ranníocaíocht náisiúnta le glansprioc aistriú gáis ceaptha teasa 2030 dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a thíolacadh a bheidh níos airde ná an sprioc náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIa. Féadfar an**



*rannchuidiú sin a áireamh sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.*

Leasú 23

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 4 – mír 3 – fómhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha *cur chun feidhme ina leagfar amach* na spriocanna bliantúla bunaithe ar an treocht líneach i leith glan-aistrithe gás ceaptha teasa do gach Ballstát, le haghaidh gach bliain sa tréimhse idir 2026 agus 2029 i dtéarmaí tonaí de choibhéis CO<sub>2</sub>. Beidh na treochtaí náisiúnta sin bunaithe ar mheán na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023, arna dtuairisciú ag gach Ballstát. *Féadfaidh* luach na nglan-aistrithe *310 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub>* mar shuim *de* na spriocanna *le haghaidh Ballstát arna leagan amach in Iarscríbhinn IIa teacht* faoi réir ceartú teicniúil de bharr athrú ar mhodheolaíocht na *mBallstát*. *Is* sna gníomhartha *cur chun feidhme seo a leagfar amach an modh do chinneadh an cheartaithe theicniúil le cur le spriocanna na mBallstát*. Chun críche na ngníomhartha *cur chun feidhme* sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na sonraí is déanaí ó na fardail náisiúnta do na blianta 2021, 2022 agus 2023 arna gcur isteach ag na Ballstáit de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2018/1999.

*Leasú*

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha *tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16* chun *an Rialachán seo a fhorlíonadh trí* na spriocanna bliantúla *a leagan amach* bunaithe ar an treocht líneach i leith glan-aistrithe gás ceaptha teasa do gach Ballstát, le haghaidh gach bliain sa tréimhse idir 2026 agus 2029 i dtéarmaí tonaí de choibhéis CO<sub>2</sub>. Beidh na treochtaí náisiúnta sin bunaithe ar mheán na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023, arna dtuairisciú ag gach Ballstát. *D'fhéadfadh* luach na *sprice de chuid na mBallstát a leagtar amach in Iarscríbhinn IIa agus na nglan-aistrithe coibhéiseacha CO<sub>2</sub> 310 milliún tona* mar shuim na spriocanna *do na Ballstáit a leagtar amach in Iarscríbhinn IIa a bheith* faoi réir ceartú teicniúil de bharr athrú *modheolaíochta ag Ballstáit, faoi réir athbhreithniú neamhspleách ó shaineolaithe ina ndeimhnítear riachtanas agus comhréireacht an cheartaithe theicniúil bunaithe ar chruinneas feabhsaithe na sonraí a ndéantar faireachán agus tuairisciú orthu. Freagróidh an ceartú teicniúil atá le cur le sprioc Ballstáit don éifeacht atá ag an athrú ar mhodheolaíocht na spriocanna agus leagfar amach* sna gníomhartha *tarmligthe sin agus foilseofar é*. Chun críche na ngníomhartha *tarmligthe* sin, déanfaidh an

Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na sonraí is déanaí ó na fardail náisiúnta do na blianta 2021, 2022 agus 2023 arna gcur isteach ag na Ballstáit de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2018/1999.

## Leasú 24

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a.***

***scriosta***

## Leasú 25

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 4 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***4. Beidh neodracht charbóin faoi 2035 mar aidhm do na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an Aontais sna hearnálacha atá leagtha amach in Airteagal 2(3), pointí (a) go (j); agus gnóthóidh an tAontas astaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin. Glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit na bearta is gá chun gnóthú comhchoiteann na sprice do 2035 a chumasú.***

***scriosta***

***Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025 agus ar bhonn pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtaisceadh ag gach Ballstát de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 faoin 30 Meitheamh 2024,***

*tograí a cheapadh i ndáil le rannchuidiú gach Ballstáit leis an nglanlaghdú ar astaíochtaí.’;*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 4 – mír 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*4a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aistriú carbóin ón atmaisféar a spreagadh trí bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí lena gcuirtear san áireamh bithéagsúlacht agus athléimneacht éiceachórais, ós rud é go rannchuidíonn bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí go gníomhach le hionsú carbóin.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 4 – mír 4 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*4b. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar dochar suntasach do bhithéagsúlacht an Aontais ná do chuspóirí eile comhshaoil mar thoradh ar na bearta a dhéanfar chun a spriocanna náisiúnta dá dtagraítear i mír 2 a bhaint amach.*

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 5 – mír 5 a (nua)

(3a) *in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*'5a. Déanfar bailiú sonraí a fheabhsú tuilleadh trí fhaireachán comhchuibhithe a dhéanamh ar fud an Aontais ar an éabhlóid ar an gcion carbóin orgánaigh san ithir agus ar thosca a mbíonn tionchar acu ar riocht na hithreach agus ar a stoic charbóin trí shuirbhéanna bliantúla LUCAS.'*

## Leasú 29

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 9 – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Táirgí stórála carbóin;

*Leasú*

Táirgí stórála **inbhuanaithe** carbóin;

## Leasú 30

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 9 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun mír 1 den Airteagal seo agus chun Iarscríbhinn V a leasú trí chatagóirí nua de tháirgí stórála carbóin a chur isteach, lena n-áirítear táirgí **adhmaid lománaithe**, a bhfuil éifeacht ceaptha carbóin acu, bunaithe ar Threoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, agus tríd

*Leasú*

2. Glacfaidh an Coimisiún, **faoi 2023**, gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun mír 1 den Airteagal seo agus chun Iarscríbhinn V a leasú trí chatagóirí nua de tháirgí stórála carbóin **ó fhoinsí inbhuanaithe de na catagóirí uile táirge bithbhunaithe** a chur isteach, lena n-áirítear táirgí **nuálacha bithbhunaithe, fotháirgí agus iarmhair, lena ndéanfar ionad amhábhair atá bunaithe ar fhuinneamh iontaise a ionadú, a bhfuil éifeacht ceaptha carbóin acu, agus trí**

an tsláine chomhshaoil a ráthú.;

*mheasúnú saolré ar na táirgí sin a thabhairt isteach, lena n-áirítear táirgí athchúrsáilte, bunaithe ar Threoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, agus tríd an tsláine chomhshaoil a ráthú. **Déanfaidh an Coimisiún, faoi 2025, measúnú ar phróisis Bhithfhuinnimh lena ngabhann Ceapadh agus Stóráil nó Úsáid carbóin (BECCSU) i dtáirgí stórála carbóin, agus aird á tabhairt ar an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. Déanfar na catagóirí táirgí stórála carbóin a ailíniú le dlí ábhartha an Aontais, chun a áirithiú go bhfuil creat foriomlán comhleanúnach beartais ann maidir le stóráil agus aistriú carbóin.***

## Leasú 31

### Togra le haghaidh rialacháin

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b a (nua)**

Rialachán (AE) 2018/841

Airteagal 9 – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ba) in Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

*‘3a. Sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 2, áiritheoidh an Coimisiún nach ndéanfaidh saolré táirgí adhmaid lománaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil an Aontais.’*

## Leasú 32

### Togra le haghaidh rialacháin

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a**

Rialachán (AE) 2018/841

Airteagal 12 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(a) scriostar mír 3;**

**scriosta**

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 12 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

5. ***Féadfaidh*** na Ballstáit ***ioncaim a ghintear le haistrihe*** de bhun ***mhír 2 a úsáid*** chun dul i ngleic leis an athrú aeráide san Aontas nó i dtríú tíortha agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas ***faoi aon ghníomhaíocht den sórt sin a dhéanfar***.

5. ***Úsáidfidh*** na Ballstáit ***an t-ioncam arna ghiniúint ag aistrihe*** de bhun ***mhír 2 chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, chun an bhithéagsúlacht agus athléimneacht éiceachórais a chosaint, chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte talún agus na taiscumair talún, agus chun leochaileacht na talún ar shuaitheadh nádúrtha a laghdú***, san Aontas nó i dtríú tíortha agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas ***maidir le húsáid an ioncaim sin agus maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh sna tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1999***.

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 13 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) d'áirigh an Ballstát sa straitéis a chuir sé isteach i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999, bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na

(a) d'áirigh an Ballstát sa straitéis a chuir sé isteach i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999, bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na

taiscumair foraoise; *agus*

taiscumair foraoise, *ar bhealach a chuireann le cosaint na bithéagsúlachta, agus a laghdaíonn leochaileacht na talún i leith suaití nádúrtha;*

## Leasú 35

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 13a – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) d’áirigh an Fhionlainn *ina* straitéis a chuir sí isteach i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/1999, bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na taiscumair foraoise;

## Leasú 36

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 13c – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Má sháraíonn* na hastaíochtaí agus aistriúcháin gás ceaptha teasa athbhreithnithe atá ag Ballstát in 2032 spriocanna an Bhallstáit sin d’aon bhliain shonrach den tréimhse 2026 go 2030, agus na solúbthachtaí arna n-úsáid de bhun Airteagal 12 agus 13b á gcur san áireamh, beidh feidhm ag *an mbeart* seo a leanas:

*Leasú*

(a) d’áirigh an Fhionlainn *sa* straitéis a chuir sí isteach i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) *Uimh.* 2018/1999, bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na taiscumair foraoise, *ar bhealach a chuireann le feabhsú na bithéagsúlachta, agus a laghdaíonn leochaileacht na talún i leith suaití nádúrtha;*

*Leasú*

*Más rud é, mar thoradh ar an athbhreithniú cuimsitheach a dhéanfaidh sé in 2032 de bhun Airteagal 14(2), go gcinnefidh an Coimisiún go sháraíonn* na hastaíochtaí agus aistriúcháin gás ceaptha teasa athbhreithnithe atá ag Ballstát in 2032 spriocanna an Bhallstáit sin d’aon bhliain shonrach den tréimhse 2026 go 2030, agus na solúbthachtaí arna n-úsáid de bhun Airteagal 12 agus 13b á gcur san áireamh, beidh feidhm ag *na bearta* seo a leanas:

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 a (nua)**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 13 d (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(14a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:*

*‘Airteagal 13d*

*Comhar idirnáisiúnta*

*Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh údarú a thabhairt do chreidmheasanna carbóin ó earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta a bheith á n-úsáid le haghaidh fritháirimh ag eintitis phoiblí nó phríobháideacha, lena n-áirítear trí na modhanna dá bhforáiltear in Airteagal 6(2) nó in Airteagal 6(4) de Chomhaontú Pháras. Chun bacainní margaidh a bhaint agus chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, léireoidh an tAontas conas a dhéanfar Torthaí Maolaithe arna nAistriú go hIdirnáisiúnta de thionscnamh an Aontais a ailíniú le creat cuntasaióchta LULUCF.’*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 14 – mír 1 – pointe c a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ca) sineirgí idir maolú aeráide agus an bithgheilleagar.*

**Leasú 39**



**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 a (nua)**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 14 – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(15a) In Airteagal 14, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:**

**‘3a. Beidh an tuarascáil ar chomhlíonadh bunaithe ar thacair shonraí bhliantúla a gheofar ó shuirbhéanna LUCAS agus ó chórais náisiúnta nó réigiúnacha um fhaireachán ithreach. Má dhéantar taifid LULUCF a bhí ann roimhe seo a mhodhnú mar thoradh ar shuirbhéanna LUCAS, beidh spriocanna na mBallstát a leagtar amach in Iarscríbhinn IIa faoi réir ceartúchán teicniúil mar a leagtar amach in Airteagal 4(2).**

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 17 – mír 2 – fómhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, tráth nach déanaí ná **6 mhí tar éis [...]** **stocáireamh domhanda** a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear, **i gcás inarb iomchuí**, measúnú ar thionchair na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11, chomh maith le rannchuidiú an Rialacháin seo le **gnóthú sprioc fhoriomlán** an Aontais **maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030 agus maidir leis an méid atá sé a chur le** gnóthú spriocanna Chomhaontú Pháras, go háirithe **maidir leis** an ngá atá le

2. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, tráth nach déanaí ná [...] **gach stocáirimh dhomhanda** a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear measúnú ar thionchair na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 **maidir leis astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus a aistriú san Aontas**, chomh maith le rannchuidiú an Rialacháin seo le **cuspoir aeráidneodrachta agus spriocanna idirmheánacha aeráide** an Aontais **a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119**, le gnóthú spriocanna Chomhaontú Pháras. **Déanfar measúnú sa**

*beartais bhreise agus bearta breise ón Aontas, ag féachaint don mhéadú is gá a dhéanamh ar lagduithe agus aistrithe na n-astaíochtaí* gás ceaptha teasa san Aontas.

*tuarascáil, go háirithe, ar an ngá atá le tuilleadh beartas agus beart de chuid an Aontais, agus aird á tabhairt go háirithe ar aon fheabhas a chuirfear amach anseo ar an gcóras faireacháin, bailithe sonraí agus tuairiscithe a bhaineann le foraoisí san Aontas mar a fógraíodh faoi Straitéis Foraoise nua AE do 2030, agus i bhfianaise an mhéadaithe is gá ar lagduithe agus aistrithe astaíochtaí* gás ceaptha teasa san Aontas. *Cuirfear san áireamh sa tuarascáil an fhianaise eolaíoch is fearr agus is déanaí dá bhfuil ar fáil, lena n-áirítear na tuarascálacha is déanaí ó IPCC, IPBES agus ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach ar an Athrú Aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1119.*

Leasú 41

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I ndiaidh an tuairiscithe, déanfaidh an Coimisiún tograí reachtacha i gcás ina gcinneann sé a bheith iomchuí. Go háirithe, *leagfar amach* sna tograí *spríocanna bliantúla agus rialachas lena ndíreofar ar spríoc aeráidneodrachta 2035 a bhaint amach a leagtar síos in Airteagal 4(4), beartais Aontais bhreise agus bearta Aontais breise, agus creat tar éis 2035, lena n-áireofar* astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó earnálacha breise, amhail comhshaol mara agus fionnuisce, *i raon feidhme an Rialacháin.*;

*Leasú*

I ndiaidh an tuairiscithe, déanfaidh an Coimisiún tograí reachtacha i gcás ina gcinneann sé a bheith iomchuí. Go háirithe, *áireofar* sna tograí, *i raon feidhme an Rialacháin*, astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó earnálacha breise, amhail an comhshaol mara, *cósta* agus fionnuisce, *bunaithe ar mhodheolaíochtaí eolaíocha láidre. De réir mar is iomchuí, déanfar modheolaíochtaí le haghaidh bailiú sonraí, faireacháin agus tuairiscithe in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, go háirithe maidir le hithreacha san Aontas mar a fógraíodh faoi Straitéis Nua Ithreach an Aontais do 2030, a thabhairt cothrom le dáta leis na tograí.*

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 a (nua)**  
Rialachán (AE) 2018/841  
Airteagal 17 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(18a) in Airteagal 17, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:**

**'2a. Gach tríú bliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí 2050, tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi na torthaí ar mheastóireacht ar fheidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear na héifeachtaí a bhí aige ar fheidhmiú an mhargaidh aonair, ar iomaíochas agus cruthú post sna hearnálacha dá ndéantar difear agus ar mhéid an sceite carbóin.**

**Déanfaidh an Coimisiún, faoin 1 Eanáir 2030, agus gach cúigiú bliain go dtí 2050, tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis na torthaí ar mheastóireacht chuimsitheach ar thionchar maicreacnamaíoch comhiomlánaithe na Rialachán a bhfuil an pacáiste 'Oiriúnach do 55' comhdhéanta díobh<sup>1a</sup>.**

**Breithneoidh an Coimisiún leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo maidir le simpliú rialála mar a luaitear i dTeachtaireacht 2021 ón gCoimisiún maidir le Rialáil Níos Fearr<sup>1b</sup>. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla nósanna imeachta riaracháin a oiriúnú go leanúnach don dea-chleachtas agus déanfaidh siad gach beart chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a shimpliú, agus an ualach riaracháin á choinneáil chomh híseal agus is féidir.'**

---

<sup>1a</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún (COM/2021/0550), 14 Iúil 2021.

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – mír 1**

Rialachán (AE) 2018/1999

Iarscríbhinn V – cuid 3 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

‘Sonraí ar thiontuíthe talamhúsáide bunaithe ar threolaíocht i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d’fhardail náisiúnta gás ceaptha teasa. **Feidhmeoidh an** fardal gás ceaptha teasa ar bhonn bunachar sonraí leictreonach agus córas faisnéise geografach, agus **beidh** siad comhdhéanta de:

*Leasú*

Sonraí ar thiontuíthe talamhúsáide bunaithe ar threolaíocht i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d’fhardail náisiúnta gás ceaptha teasa. **Moltar do na Ballstáit fardal** gás ceaptha teasa **a fhorbairt a fheidhmeoidh** ar bhonn bunachar sonraí leictreonach agus córas faisnéise geografach, agus **a bheidh** siad comhdhéanta de:

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – mír 1**

Rialachán (AE) 2018/1999

Iarscríbhinn V – cuid 3 – pointe 1 – pointe a a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(aa) Tacair sonraí LUCAS arna nginiúint ag suirbhéanna bliantúla, comhchuibhithe ar fud na mBallstát go léir chun faisnéis a bhailiú maidir le cumhdach talún agus úsáid talún, stoic charbóin ithreach a thomhas agus anailís a dhéanamh ar na paraiméadair ábhartha go léir a dhéanann difear do acmhainneacht na hithreach carbón a cheapadh agus ar shláinte na hithreach; Moltar do na Ballstáit doimhneacht na samplála ar chion carbóin orgánaigh ithreach agus ar stoic charbóin a mhéadú, i.e. an 30 cm ó phrótacal ithreach LUCAS 2022 a úsáid mar íosmhéid.**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – mír 1**

Rialachán (AE) 2018/1999

Iarscríbhinn V – cuid 3 – fomhír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ó 2026 amach, i gcás gach meastacháin ar astaíochtaí agus aistrithe taiscumair carbóin a thiteann i limistéir ina bhfuil aonaid úsáide talún ina bhfuil stoc ard carbóin dá dtagraítear i bpointe (c) thuas, i limistéir ina bhfuil aonaid úsáide talún faoi chosaint nó faoi athchóiriú dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e) thuas, agus i limistéir ina bhfuil aonaid úsáide talún faoi rioscaí arda aeráide sa todhchaí dá dtagraítear i bpointe (f) thuas, **cuirfidh** na Ballstáit modheolaíocht Leibhéal 3 i bhfeidhm, i gcomhréir le treoirlínte 2006 IPCC le haghaidh fardail náisiúnta GCT.’.

*Leasú*

Ó 2026 amach, i gcás gach meastacháin ar astaíochtaí agus aistrithe taiscumair carbóin a thiteann i limistéir ina bhfuil aonaid úsáide talún ina bhfuil stoc ard carbóin dá dtagraítear i bpointe (c) thuas, i limistéir ina bhfuil aonaid úsáide talún faoi chosaint nó faoi athchóiriú dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e) thuas, agus i limistéir ina bhfuil aonaid úsáide talún faoi rioscaí arda aeráide sa todhchaí dá dtagraítear i bpointe (f) thuas, **beidh sé mar aidhm ag** na Ballstáit modheolaíocht Leibhéal 3 **a chur** i bhfeidhm, i gcomhréir le treoirlínte 2006 IPCC le haghaidh fardail náisiúnta GCT.’.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>
Academy of Finland
Bioenergy Europe
Confederation of European Forest Owners (CEPF)
Confederation of European Paper Industries (CEPI)
European Commission, DG CLIMA
European Forest Institute
Finnish Forest Industries
Metsä Group
Ministry of Agriculture and Forestry of Finland
Natural Resources Institute Finland (Luke)
Permanent Representation of Finland to the EU
Statistics Finland
Stora Enso Oyj
St1 Oy
Swedish Forest Industries Federation
The Central Union of Agricultural Producers and Forest Owners (MTK)
The Finnish Association for Nature Conservation
The Finnish Environment Institute (SYKE)

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil úsáide talún, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú
<b>Tagairtí</b>	COM(2021)0554 – C9-0320/2021 – 2021/0201(COD)
<b>An Coiste freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ENVI 13.9.2021
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 13.9.2021
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Henna Virkkunen 17.9.2021
<b>Pléite sa choiste</b>	26.1.2022
<b>Dáta an ghlacktha</b>	22.3.2022
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 48 –: 13 0: 16
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Michael Bloss, Manuel Bompard, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Martin Buschmann, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Eva Kaili, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marisa Matias, Eva Maydell, Georg Mayer, Joëlle Mélin, Iskra Mihaylova, Dan Nica, Angelika Niebler, Niklas Nienaaß, Ville Niinistö, Aldo Patriciello, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Pina Picierno, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyrali, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Evžen Tošenovský, Marie Toussaint, Isabella Tovaglieri, Viktor Uspaskich, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho
<b>Comhaltai ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Gianna Gancia

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

48	+
NI	Viktor Uspaskich
PPE	François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Angelika Niebler, Aldo Patriciello, Markus Pieper, Sara Skytvedal, Maria Spyraiki, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss
Renew	Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Claudia Gamon, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen
S&D	Josianne Cutajar, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Eva Kaili, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Pina Picierno, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho

13	-
ECR	Robert Roos
ID	Markus Buchheit, Georg Mayer
NI	András Gyürk
Verts/ALE	Michael Bloss, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Niklas Nienaa, Ville Niinistö, Mikuláš Peksa, Manuela Ripa, Marie Toussaint

16	0
ECR	Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský
ID	Paolo Borchia, Gianna Gancia, Thierry Mariani, Joëlle Mélin, Isabella Tovaglieri
NI	Martin Buschmann, Clara Ponsatí Obiols
The Left	Manuel Bompard, Marc Botenga, Marisa Matias

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh